AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.4.2016
COM(2016) 194 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011**

{SWD(2016) 114 final}
{SWD(2016) 115 final}
{SWD(2016) 116 final}

## IARSCRÍBHINN I

**Liosta de na heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 38(2)**

1. Eagraíochtaí de chuid na Náisiún Aontaithe (amhail UNHCR);
2. An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EII);
3. Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

**IARSCRÍBHINN II**

**Ráiteas Airgeadais Reachtach**

**a ghabhann leis an**

**togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta de chuid an Aontais Eorpaigh**

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB**

**1.3. An cineál togra/tionscnaimh**

**1.4. Cuspóirí**

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

**2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

**2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe**

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

**3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas**

***3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas***

***3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí***

***3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin***

***3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha***

***3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe***

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[1]

Réimsí beartais: Réimse na nGnóthaí Baile (teideal 18)

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[2]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

- Bainistiú teorainneacha – beatha daoine a shábháil agus teorainneacha seachtracha a dhaingniú

Má táthar chun teorainneacha an Aontais Eorpaigh a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, ní mór úsáid níos fearr a bhaint as na deiseanna atá ann de thoradh córais agus teicneolaíochtaí TF. A bhuí leis an tionscnamh "Teorainneacha Cliste" is éifeachtúla a bheidh an próiseas trasnaithe teorann, rud a éascóidh trasnuithe i gcás fhormhór mór na dtaistealaithe tríú tír atá ‘bona fide’, agus rud a neartóidh, san am céanna, an comhrac i gcoinne na himirce neamhrialta trí thaifead a choinneáil ar na gluaiseachtaí trasteorann uile ag náisiúnaigh tríú tír, agus prionsabal na comhréireachta á urramú go hiomlán.

- Malartú faisnéise níos fearr

Is den riachtanas caighdeáin arda chomhchoiteanna a bheith ann i dtaca le bainistiú teorainneacha chun coireacht thrasteorann agus sceimhlitheoireacht a chosc, ach sin a dhéanamh le lánurraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha.

[1] ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

[2] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Is cuid den fhorbairt leanúnach ar straitéis chomhtháite an Aontais Eorpaigh um bainistiú teorainneacha é an togra.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuspóir sonrach Uimh. 2

Tacú le bainistiú comhtháite teorainneacha, lena n-áirítear comhchuibhiú breise ar bhearta a bhaineann le bainistiú teorainneacha a chur chun cinn i gcomhréir le comhchaighdeáin an Aontais agus trí fhaisnéis a chomhroinnt idir na Ballstáit féin agus idir na Ballstáit agus Gníomhaireacht Frontex, ionas go ndéanfar, ar láimh amháin, rialú agus cosaint aonfhoirmeach ardleibhéil na dteorainneacha seachtracha a áirithiú, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le hinimirce neamhrialta, agus, ar an láimh eile, trasnú rianúil teorainneacha seachtracha a áirithiú i gcomhréir le *acquis* Schengen, agus fós rochtain ar chosaint idirnáisiúnta a ráthú dóibh siúd atá ina gátar, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a chonraigh na Ballstáit i réimse chearta an duine, lena n-áirítear prionsabal an *non-refoulement*.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Caibidil: An tSlándáil agus Saoirsí a Choimirciú: An tSlándáil Inmheánach

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is iad seo a leanas na cuspóirí ginearálta beartais:

(1) Bainistiú teorainneacha seachtracha a fheabhsú

(2) Imirce neamhrialta a laghdú trí aghaidh a thabhairt ar fheiniméan an rófhanachta.

(3) Rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí agus ardleibhéal slándála inmheánaí a áirithiú.

Is féidir an feabhas a chuirtear ar bhainistiú teorainneacha a mheas ar bhonn a éifeachtaí agus a éifeachtúla atá sé. Áirítear éifeacht a bheith le bainistiú teorainneacha má thagann de go n-éascaítear a dtrasnú teorann do thaistealaithe dlisteanacha, ach san am céanna, go ndéantar a ndul isteach i limistéar Schengen a chosc ar na taistealaithe sin nach gcomhlíonann na coinníollacha dul isteach nó go mbeirtear orthu tráth a imíonn siad as an limistéar. Áirítear bainistiú teorainneacha a bheith éifeachtúil mura bhfágann méadú ar líon na dtrasnuithe teorann gur gá líon na ngardaí teorann a mhéadú an oiread céanna.

Ní foláir an chéad chuspóir díobh sin a chomhlíonadh má táthar chun an dara cuspóir a chomhlíonadh, ach, ina theannta sin, ní foláir do na húdaráis iomchuí laistigh de chríoch limistéar Schengen an Córas Dul Isteach/Imeachta a úsáid. Beidh EES ina chuidiú agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir le filleadh náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach á chur chun feidhme.

Áiritheoidh cur chun feidhme EES gur féidir náisiúnaigh tríú tír a shainaithint ar shlí níos éifeachtúla agus gur féidir daoine a bhfuil níos mó ná aon chéannacht amháin in úsáid acu a bhrath. Cuideoidh sin go pointe áirithe leis an tríú cuspóir beartais a bhaint amach. Mar sin féin, ní féidir an cuspóir sin a bhaint amach sa tslánchruinne nó go mbeidh rochtain ar an gcóras dul isteach/imeachta ag údaráis forghníomhaithe dlí.

Ní fhorbrófar aon bheartas nua i réimsí nua. Is cuid den fhorbairt leanúnach ar straitéis chomhtháite an Aontais Eorpaigh um bainistiú teorainneacha é an togra.

Cuspóirí sonracha beartais:

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí beartais an Chórais Dul Isteach/Imeachta agus na modhnuithe ar Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen):

(1) Éifeachtúlacht seiceálacha teorann a fheabhsú ar dhul isteach agus ar imeacht trí fhaireachán a dhéanamh ar na cearta chun fanachta údaraithe;

(2) Rófhantóirí a shainaithint agus a bhrath (laistigh den chríoch freisin) agus ligean d'údaráis náisiúnta na mBallstát bearta iomchuí a dhéanamh lena n-áirítear na féidearthachtaí maidir le filleadh a mhéadú;

(3) Acmhainní rialaithe teorann a shaoradh ó sheiceálacha is féidir a dhéanamh go huathoibríoch ionas gur féidir díriú isteach níos fearr ar thaistealaithe a mheasúnú;

(4) Trasnú theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh ag náisiúnaigh tríú tír a éascú trí bhíthin córais féinfhreastail agus córais leath-uathoibrithe nó uathoibrithe a fhad is nach gcuireann sin isteach ar na leibhéil slándála atá i bhfeidhm faoi láthair;

(5) Cur ar chumas consalachtaí rochtain a fháil ar fhaisnéis i ndáil le húsáid dhleathach víosaí roimhe sin;

(6) Náisiúnaigh tríú tír a chur ar an eolas faoi fhad a bhfanachta údaraithe;

(7) An measúnú ar an riosca rófhanachta a fheabhsú;

(8) Tacú le ceapadh bheartas imirce an Aontais Eorpaigh ar bhonn fianaise;

(9) Calaois aitheantais a chomhrac.

(10) Rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí.

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Le linn na forbartha

Tar éis an dréacht-togra a bheith formheasta agus na sonraíochtaí teicniúla a bheith glactha déanfaidh eu-LISA an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) a fhorbairt, mar aon le Comhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta coiteann (lena n-éascaítear comhtháthú bhonneagar náisiúnta na mBallstát le EES).

Ina theannta sin, comhordóidh eu-LISA an comhtháthú a dhéanfaidh na Ballstáit ar an gComhéadan sin ar an leibhéal náisiúnta. Tá sainiú déanta ar chóras mionsonraithe rialachais fhoriomláin le haghaidh na céime forbartha agus ar na ceanglais um thuairisciú chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

Cuspóir sonrach: É a bheith réidh le tosú ag feidhmiú faoi dheireadh 2019[3].

Táscaire: Ionas go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, beidh fógra tugtha ag eu-LISA á chur in iúl go bhfuil tástáil chuimsitheach ar EES tugtha chun críche go rathúil aige féin i gcomhar leis na Ballstáit

A luaithe a bheidh an córas oibríochtúil

Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh córais i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an Chórais Dul Isteach/Imeachta i bhfianaise na gcuspóirí atá leagtha síos. Dhá bhliain tar éis don chóras tosú ag feidhmiú agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, ba cheart do eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil an chórais, lena n-áirítear slándáil an chórais sin, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin. Thairis sin, dhá bhliain tar éis don Chóras Dul Isteach/Imeachta tosú ag feidhmiú, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht fhoriomlán a dhéanamh ar an gcóras. Cuimseofar sa mheastóireacht fhoriomlán sin scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir na gcuspóirí a bhí ann agus ar an tionchar ar chearta bunúsacha chomh maith le measúnú ar an mbunréasúnaíocht a bheith fós bailí, ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar shlándáil EES agus ar aon impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar oibríochtaí sa todhchaí, agus déanfaidh sé aon mholtaí is gá. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar an meastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Maidir leis an meastóireacht sin, tá tábhacht ar leith ag roinnt leis na táscairí a bhaineann le líon na rófhantóirí agus leis na sonraí faoin am trasnaithe teorann, agus sa dara cás sin d'fhéadfaí faisnéis a bhailiú freisin ar bhonn taithí ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS), chomh maith le grinnanailís ar an ngá le rochtain a thabhairt

[3] Ar choinníoll go nglacfar creat dlíthiúil EES roimh dheireadh 2016, beifear in ann tús a chur leis an bhforbairt go luath in 2017.

ar shonraí chun críocha fhorghníomhú an dlí. Ba cheart don Choimisiún an tuarascáil ar an meastóireacht a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Cuspóir sonrach: éifeachtúlacht seiceálacha teorann a fheabhsú ar dhul isteach agus ar imeacht trí fhaireachán a dhéanamh ar na cearta chun fanachta údaraithe, agus an measúnú ar an riosca rófhanachta a fheabhsú;

Táscaire: Am próiseála ag na pointí trasnaithe teorann + Cuirtear gach náisiúnach tríú tír ar an eolas faoin bhfad fanachta údaraithe. Déantar an t-am próiseála ag na pointí trasnaithe teorann a thomhas mar an t-achar ama idir an tráth a léitear na sonraí atá sa doiciméad taistil den chéad uair, mar atá ar taifead in EES, agus tráth taifeadta an údaraithe dul isteach. Déantar faid tréimhse a thaifeadadh ar bhonn buan uathoibríoch agus is féidir staitisticí a chur ar fáil arna n-iarraidh sin. Déanfar comparáid le bonnlíne a shocrófar sula dtiocfaidh an córas i bhfeidhm.

Is féidir measúnú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar an táscaire i gceist, mar atá gach náisiúnach tríú tír a chur ar an eolas faoin bhfad fanachta údaraithe, trí bhreathnú ar na próisis agus na gairis atá i bhfeidhm. Déanfar comparáid idir na blianta ó cheann go chéile.

Cuspóir sonrach: rófhantóirí a shainaithint agus a bhrath (laistigh den chríoch freisin) agus ligean d'údaráis náisiúnta na mBallstát bearta iomchuí a dhéanamh lena n-áirítear na féidearthachtaí maidir le filleadh a mhéadú;

Táscaire: Líon na rófhantóirí sainaitheanta de réir catagóire (ceanglas víosa/díolmhaithe ó cheanglas víosa), de réir chineál na teorann (talamh/muir/aer), de réir an Bhallstáit, de réir tíre tionscnaimh/náisiúnachta. Líon na bhfoláireamh ar dá dtoradh a ghabhtar rófhantóirí. Ríomhtar líon na rófhantóirí sainaitheanta ar bhonn na hanailíse a dhéantar ar shonraí ina dtaobh atá ar taifead in EES. Is féidir staitisticí a chur ar fáil tráth ar bith ach déanfar amhlaidh ar bhonn bliantúil más chun críocha meastóireachta é. Is féidir treochtaí a anailísiú ó bhliain go chéile.
Is i gcomhbhailiúchán sonraí na mBallstát a thiocfar ar líon na bhfoláireamh ar dá dtoradh a ghabhtar rófhantóirí. A bhuí le EES, ámh, is féidir, mar tháscaire tosaigh, líon na n-iarrataí ar fhíorú bithmhéadrach agus ar aitheantas bithmhéadrach a chur ar fáil, ar iarrataí iad a thagann chun cinn de thoradh seirbhísí forghníomhaithe inimirce, ar an ábhar gur féidir iarrataí dá leithéid a dhealú uathu sin a dhéantar chun críocha eile. Is féidir treochtaí a anailísiú ó bhliain go chéile.

Cuspóir sonrach: trasnú theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh ag náisiúnaigh tríú tír a éascú trí bhíthin córais leath-uathoibrithe nó uathoibrithe.

Táscaire: Meánfhad an trasnaithe teorann ag náisiúnaigh tríú tír ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh agus córais leath-uathoibrithe nó uathoibrithe maille le luasairí próisis á n-úsáid, arna gcur chun feidhme ag na pointí trasnaithe teorann ábhartha

Cuspóir sonrach: tacú le ceapadh bheartas imirce an Aontais Eorpaigh ar bhonn fianaise.

Táscaire: Tá staitisticí maidir le trasnú teorann agus leis an rófhanacht ar fáil ina dtugtar briseadh síos de réir saoránachta agus tréithe eile (e.g. aois an taistealaí, inscne agus pointe trasnaithe teorann). Is féidir staitisticí a chur ar fáil arna n-iarraidh sin, ach úsáidtear staitisticí bliantúla chun críocha meastóireachta. Déanfar comparáid idir na blianta ó cheann go chéile.

## 1.5. Foras an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

(1) Ní foláir tuilleadh uathoibriúcháin a chomhtháthú le nósanna imeachta trasnaithe teorann chun déileáil leis an méadú 57 % a thiocfaidh ar thrácht na dtaistealaithe faoi 2025.

(2) Ní foláir an rialú a dhéanfar ar fhanacht údaraithe na náisiúnach tríú tír a bheith iontaofa, tapa, sophróiseáilte agus córasach.

(3) Ní mór an próiseas rialaithe teorann rófhantóirí a thuairisciú agus a shainaithint ar bhonn córasach éasca iontaofa; cuirtear faisnéis iontaofa ar an inimirce neamhrialta ar fáil, rud a chuidíonn leis an bpróiseas um fhilleadh.

(4) Ní mór treisiú ar an gcomhrac i gcoinne na coireachta, na sceimhlitheoireachta agus bagairtí slándála eile.

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Ní féidir le haon Bhallstát amháin ina aonar aghaidh a thabhairt ar an inimirce neamhrialta. Féadfaidh duine teacht isteach i limistéar Schengen ag pointe trasnaithe teorann i mBallstát ina bhfuil clár náisiúnta sonraí dul isteach/imeachta in úsáid, ach féadfaidh siad dul amach trí phointe trasnaithe teorann nach n-úsáidtear córas den chineál sin ann. Ní féidir leis na Ballstáit dá bhrí sin faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le haon fhanacht údaraithe, más ag gníomhú leo féin atá siad. Tá náisiúnaigh tríú tír a thagann isteach i limistéar Schengen in ann taisteal faoi shaoirse laistigh de. I gcás limistéar gan teorainneacha inmheánacha, ba cheart comhghníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne na hinimirce neamhrialta. Nuair a chuirtear na nithe sin uile san áireamh, is fearr is féidir leis an Aontas Eorpach ná leis na Ballstáit na bearta iomchuí a dhéanamh.

Tá sé leagtha amach sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce go bhfuil "bainistiú teorainneacha" ar cheann de na "ceithre cholún chun an imirce a bhainistiú ar bhealach níos fearr". Má táthar chun teorainneacha seachtracha a dhaingniú agus iad a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, ní mór úsáid níos fearr a bhaint as na deiseanna atá ann de thoradh córais agus teicneolaíochtaí TF. Is fearrde an bainistiú a dhéanfar ar na teorainneacha úsáid a bhaint as na trí cinn de chórais mhórscála TF (SIS, VIS agus Eurodac) atá ann cheana. Tiocfaidh ann do chéim nua a luaithe a chuirfear an Córas Dul Isteach/Imeachta chun feidhme, céim a mhéadóidh éifeachtúlacht na dtrasnuithe teorann, a éascóidh trasnuithe i gcás fhormhór mór na dtaistealaithe tríú tír atá ‘bona fide’, agus a neartóidh, san am céanna, an comhrac i gcoinne na himirce neamhrialta trí thaifead a choinneáil ar na gluaiseachtaí trasteorann uile ag náisiúnaigh tríú tír, agus prionsabal na comhréireachta á urramú go hiomlán.

Beidh mar thoradh ar chur chun feidhme an Chórais Dul Isteach/Imeachta fud fad an Aontais Eorpaigh tascanna agus gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha a uathoibriú. A bhuí leis an uathoibriú sin, áiritheofar rialú aonchineálach córasach ar fhanacht údaraithe na náisiúnach tríú tír.

Tiocfaidh d’úsáid EES i gcomhar leis na féidearachtaí nua atá ann córais féinfhreastail agus réitigh rialaithe teorann de chineál uathoibrithe nó leath-uathoibrithe a úsáid, tiocfaidh díobh sin obair na ngardaí teorann a éascú agus beidh siad ina gcuidiú leis an méadú ar thrasnuithe teorann atá tuartha a mhaolú. Ó thaobh

an taistealaí de, is é an toradh a bheidh air sin trasnú teorann a éascú, an tréimhse feithimh a laghdú agus dlús a chur le seiceálacha teorann.

Cé go bhféadfaidh na Ballstáit a gcórais náisiúnta féin a choinneáil i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta a bhaineann leis an tslándáil, chuirfeadh Corás Dul Isteach/Imeachta de chuid an Aontais Eorpaigh ar a gcumas d'údaráis na mBallstát rochtain a fháil ar shonraí faoi náisiúnaigh tríú tír a thrasnaigh teorainn sheachtrach an Aontais Eorpaigh i dtír amháin agus a d'imigh as thar theorainn tíre eile atá i limistéar Schengen.

Dá mbeadh faisnéis níos fearr ar fáil ar ghluaiseachtaí trasteorann na náisiúnach tríú tír ar leibhéal an Aontais Eorpaigh b'fhéidir bonn fíorasach a bhunú ar a bhféadfaí beartas imirce an Aontais a fhorbairt agus a chur in oiriúint, lena n-áirítear a bheartas maidir le víosaí. Chuideodh sin tosaíochtaí a leagan síos le haghaidh comhaontuithe um athghlacadh isteach agus comhaontú um eisiúint víosaí a éascú le tríú tíortha. Rannchuideodh sé le comhthuiscint a chothú ar shaincheisteanna agus tosaíochtaí inimirce san idirphlé beartais le tíortha tionscnaimh agus tíortha idirthurais.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Foghlaimíodh na ceachtanna seo a leanas ón taithí a fuarthas ar fhorbairt an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) agus ar fhorbairt an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS):

(1) Mar chosaint fhéideartha i gcoinne róchaiteachais agus moilleanna a thagann as ceanglais a athrú, ní dhéanfar aon chóras faisnéise nua i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais a fhorbairt, go háirithe má bhaineann sé le córas mórscála TF, sula nglacfar go cinntitheach na hionstraimí bunúsacha dlí ina leagfar amach a chuspóir, a raon feidhme, a fheidhmeanna agus na mionsonraí teicniúla.

(2) I dtaca le SIS II agus VIS, b'fhéidir forbairtí náisiúnta na mBallstát a chómhaoiniú faoin gCiste um Theorainneacha Seachtracha ach ní raibh sé éigeantach sin a dhéanamh. Ar an ábhar sin níorbh fhéidir forbhreathnú a fháil ar an méid dul chun cinn a bhí déanta ina gcás siúd nach ndearna foráil do na gníomhaíochtaí ábhartha ina gclársceidealú ilbhliantúil nó a raibh a gclársceidealú neamhchruinn. Dá bhrí sin, moltar anois go n-aisíocfaidh an Coimisiún na costais uile a ghabhann le comhdhlúthú a thabhaigh na Ballstáit, sa chaoi gur féidir faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na bhforbairtí sin.

(3) D'fhonn comhordú ginearálta an chur chun feidhme a éascú, ní hamháin go bhforbróidh eu-LISA an lárchóras ach forbróidh sé freisin comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta coiteann a úsáidfidh na ballstáit uile chun bonneagar TF reatha a theorainneacha náisiúnta féin a nascadh.

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Ba cheart breathnú ar an togra seo mar chuid den fhorbairt leanúnach ar straitéis chomhtháite an Aontais Eorpaigh um bainistiú teorainneacha, agus go háirithe an Teachtaireacht ar Theorainneacha Cliste[4], agus i gcomhar leis an Rialachán maidir

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Teorainneacha Cliste – roghanna agus an bealach chun cinn (COM(2011)680.

leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha[5], mar chuid den chreat airgeadais ilbhliantúil agus den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA[6]. Sa ráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh na Gníomhaireachta[7] cumhdaítear na costais do na Córais TF EURODAC, SIS II, agus VIS atá ann cheana ach ní chumhdaítear na costais do na córais le haghaidh bainistiú teorainneacha a bheidh ann amach anseo agus nár cuireadh faoi chúram na Gníomhaireachta fós trí chreat dlíthiúil. Dá bhrí sin, tá foráil déanta sa Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha do mhéid EUR 791 mhilliún faoi Airteagal 5 lena ndéantar córais TF a fhorbairt, atá bunaithe ar chórais atá ann cheana agus/nó ar chórais nua, agus lena dtacaítear le sreabh imirce trasna na dteorainneacha seachtracha. Laistigh den Choimisiún is é AS um Imirce agus Gnóthaí Baile an Ard-Stiúrthóireacht atá freagrach as limistéar saorghluaiseachta a bhunú inar féidir le daoine teorainneacha inmheánacha a thrasnú gan dul faoi sheiceálacha teorann agus ina rialaítear agus ina mbainistítear teorainneacha seachtracha ar bhealach comhleanúnach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Tá na sineirgíochtaí seo a leanas ag an gcóras leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS):

(a) maidir le sealbhóirí víosaí, úsáidfear an Córas Meaitseála Bithmhéadraí freisin ar dhul isteach/ar imeacht;

(b) comhlánófar VIS leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta[8]. Níl ar fáil i VIS ach iarratais ar víosaí agus víosaí eisithe, ach in EES stórálfar, i gcás sealbhóirí víosaí, sonraí nithiúla freisin faoi dhul isteach agus faoi imeacht a bhaineann leis na víosaí eisithe.

5 Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE

6 Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Airteagal 1.3 "Féadfar freagracht a chur ar an nGníomhaireacht freisin as ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil córas mórscála TF seachas na córais sin dá dtagraítear i mír 2 sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais i gcás dá bhforáiltear amhlaidh le hionstraimí reachtacha ábhartha..."

7 COM(2010)93 an 19 Márta 2010.

8 [8]Cinneadh 2008/633/JHA an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain a bheith ar Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) ag údaráis ainmnithe de chuid Ballstát agus ag Europol chun na sonraí ann a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS)

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Tréimhse ullmhúcháin 2016

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2017 go 2019,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán in 2020 é.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[9]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

Is é an Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha an ionstraim airgeadais trína n-áirítear an buiséad atá ann do chur chun feidhme phacáiste na dteorainneacha cliste.

[9] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

Tá foráil in Airteagal 5 maidir le EUR 791 mhilliún a chur chun feidhme trí chlár chun córais TF a bhunú a thacaíonn le bainistiú sreabha imirce thar theorainneacha seachtracha faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15.

I dtaca leis na modhanna cur chun feidhme, tá foráil déanta sa Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha mar leanas:

Leis an mír dheireanach d'Airteagal (5)4 foráiltear go '*[n]déanfar modh/modhanna cur chun feidhme an bhuiséid le haghaidh an chláir maidir le forbairt córas TF, atá bunaithe ar chórais TF atá ann cheana agus/nó córais TF nua, a leagan amach i ngníomhartha reachtacha ábhartha an Aontais faoi réir a nglactha*'.

Foráiltear le hAirteagal 15 mar leanas: *'[go g]cuirfear an clár maidir le forbairt na gcóras TF, atá bunaithe ar chórais TF atá ann cheana agus/nó córais TF nua, chun feidhme faoi réir gníomhartha reachtacha an Aontais a ghlacadh ina sainmhínítear na córais TF sin agus a mbonneagar cumarsáide a bhfuil sé d'aidhm acu, go háirithe, feabhas a chur ar bhainistiú agus ar rialú sreabha taistil ag na teorainneacha seachtracha trí na seiceálacha a neartú agus dlús a chur le trasnuithe teorann do thaistealaithe rialta. I gcás inarb iomchuí, déanfar sineirgí le córais TF atá ann cheana a lorg chun caiteachas dúbailte a sheachaint.*

*Maidir le miondealú ar an méid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(5), déanfar é i ngníomhartha reachtacha ábhartha de chuid an Aontais nó, tar éis na gníomhartha reachtacha sin a ghlacadh, trí ghníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 17.'*

Chinn an reachtóir go soiléir nach bhfuil sainiú déanta faoin Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha ar mhodh cur chun feidhme an bhuiséid atá ann do Theorainneacha Cliste agus nár mhór é a shainiú i "ngníomhartha reachtacha ábhartha an Aontais" i.e. an Rialachán maidir leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta agus an Rialachán maidir le Clár do Thaistealaithe Cláraithe. I dtaca leis an miondealú ar an EUR 791 mhilliún, lean an reachtóir an réasúnaíocht chéanna (a áireofar i "ngníomhartha reachtacha ábhartha an Aontais") ach d'fhág scóip ann chun an miondealú seo a shocrú trí ghníomh tarmligthe tar éis na rialacháin maidir le teorainneacha cliste a ghlacadh. Dá thoradh sin, cé gur cheart an modh cur chun feidhme a shainiú i ngníomhartha reachtacha ábhartha an Aontais, d'fhéadfaí an miondealú ar na costais a shainiú ina dhiaidh sin trí ghníomh tarmligthe, rud a d'fhágfadh solúbthacht áirithe ann i gcás ina modhnófaí an miondealú sin.

Is iad seo a leanas na modhanna cur chun feidhme atá beartaithe sa togra:

(1) Bainistíocht indíreach: I rith na tréimhse 2017-2019 is é eu-LISA a dhéanfaidh EES a fhorbairt. Leis sin cuimseofar an chuid forbartha de shraitheanna uile an tionscadail, i.e. lárchóras, Comhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta agus an bonneagar cumarsáide idir an lárchóras agus an Comhéadan. Le linn na n-oibríochtaí a gcuirfear tús leo in 2020 déanfaidh eu-LISA na gníomhaíochtaí oibríochtúla uile a bhaineann le cothabháil an lárchórais agus an bhonneagair cumarsáide.

Ó 2017 amach, tá sé beartaithe méid iomlán EUR 288 milliún a aistriú ón gCiste Slándála Inmheánaí go líne buiséid eu-LISA chun costas na ngníomhaíochtaí sin a chumhdach.

(2) Bainistíocht dhíreach: Le linn na céime forbartha (2017-2019) beidh méid iomlán EUR 120 milliún á chaitheamh ag an gCoimisiún chun bainistiú a dhéanamh ar na deontais do na Ballstáit le haghaidh chomhtháthú an Chomhéadain Aonfhoirmigh Náisiúnta.

(3) Bainistíocht chomhpháirteach: Le linn na céime forbartha (2017-2019) beidh méid iomlán EUR 52.7 milliún á chaitheamh ag an gCoimisiún chun na costais a bhaineann leis na hoibríochtaí sna Ballstáit a íoc. Le linn na n-oibríochtaí a gcuirfear tús leo in 2020 tá méid EUR 19.7 milliún curtha sa chúlchiste lena áirithiú go mbeidh an líon foirne is gá sna Ballstáit

le haghaidh seal 24 huaire/24 huaire. Ina chomhair sin teastóidh athbhreithniú ar na cláir náisiúnta faoin Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha agus do Víosaí chun bearta sonracha nua a áireamh iontu. Déanfar beart breise sonrach a áireamh ar an dóigh sin le gníomh tarmligthe a luaithe a ghlacfar an rialachán maidir le teorainneacha cliste.

Bainfear úsáid as a mbeidh fágtha den líne buiséid do na Teorainneacha Cliste (leithdháileadh tosaigh EUR 791 milliún lúide buiséad Teorainneacha Cliste EUR 480 milliún = EUR 311 milliún) faoi mar atá sainithe in Airteagal 5(5)b de Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 (maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha).

| Bloic | **Céim forbartha (2017-2019)** | **An chéim oibríochtúil (2020)** | **Modh bainistíochta** | **Gníomhaí** |
|---|---|---|---|---|
| Líonra | **X** | **X** | Indíreach | eu-LISA |
| Forbairt agus Cothabháil an Lárchórais | **X** | **X** | Indíreach | eu-LISA |
| Forbairt an Chomhéadain Aonfhoirmigh Náisiúnta | **X** | | Indíreach | eu-LISA |
| Comhtháthú an Chomhéadain Aonfhoirmigh Náisiúnta agus riaracháin ghaolmhar le linn na forbartha | **X** | **X** | Díreach / Comhroinnte | COM |
| Cothabháil an Chórais Náisiúnta | | **X** | Comhroinnte | COM |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Déantar foráil in Airteagal 64 den togra maidir leis na rialacha maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gCóras Dul Isteach/Imeachta (EES):

1. Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt EES de réir cuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais, agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú EES de réir cuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

2. Sé mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus gach sé mhí ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha EES, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt an Lárchórais, na gComhéadan Aonfhoirmeach agus an bhonneagair cumarsáide idir an Lárchóras agus na Comhéadain Aonfhoirmeacha. A luaithe a bheidh an fhorbairt tugtha chun críche cuirfear tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina míneofar go mionsonrach an chaoi ar baineadh amach na cuspóirí, go sonrach i dtaca le pleanáil agus le costais, agus ina dtabharfar údar maith le haon chás inar imíodh óna raibh socraithe.

3. Chun críocha na cothabhála teicniúla, beidh rochtain ag eu-LISA ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh in EES.

4. Dhá bhliain tar éis do EES tosú ag feidhmiú agus gach re bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil EES, lena n-áirítear slándáil an chórais sin, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.

5. Trí bliana tar éis do EES tosú ag feidhmiú, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar an gCóras. Cuimseofar sa mheastóireacht fhoriomlán sin scrúdú ar na torthaí a fuarthas de réir na gcuspóirí a bhí ann agus ar an tionchar ar chearta bunúsacha chomh maith le measúnú ar an mbunréasúnaíocht a bheith fós bailí, ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar shlándáil EES agus ar aon impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar oibríochtaí sa todhchaí, agus déanfaidh sé aon mholtaí is gá. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil meastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

6. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5 a dhréachtú de réir na dtáscairí cainníochtúla arna réamhshainiú ag an gCoimisiún agus/nó ag eu-LISA. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

7. Soláthróidh eu-LISA don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí foriomlána dá dtagraítear i mír 5 a dhéanamh.

8. Agus urraim á tabhairt d'fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le faisnéis íogair a fhoilsiú, déanfaidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla a ullmhú maidir le héifeachtacht na rochtana ar shonraí EES, chun críocha fhorghníomhú an dlí, ina mbeidh faisnéis agus staitisticí faoin méid seo a leanas:

- cuspóir cruinn an cheadaithe (cé acu chun críocha sainaithint a dhéanamh nó chun críocha taifid ar dhul isteach/imeacht é) lena n-áirítear an cineál ciona sceimhlitheoireachta nó an cineál ciona choiriúil thromchúisigh,

- na forais réasúnacha a tugadh i gcás amhras réasúnaithe go bhfuil amhrastach, déantóir nó íospartach cuimsithe ag an Rialachán seo

- na forais réasúnacha a tugadh gan córais uathoibrithe na mBallstát eile um shainaithint méarlorg a cheadú faoi Chinneadh 2008/615/JHA, i gcomhréir le hAirteagal 29(2)(b).

- líon na n-iarrataí ar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí

- líon agus cineál na gcásanna ina rabhthas in ann sainaithint a dhéanamh

- an gá agus an úsáid a bhaintear as an gcás práinne eisceachtúil, lena n-áirítear na cásanna sin nár glacadh leis an bpráinn sin iontu san fhíorú *ex-post* a rinneadh ag an lárphointe rochtana.

Tarchuirfear tuarascálacha bliantúla na mBallstát agus tuarascálacha bliantúla Europol chuig an gCoimisiún roimh an 30 Meitheamh den bhliain ina dhiaidh sin.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.*

1) Deacrachtaí le forbairt theicniúil an chórais

Tá córais TF na mBallstát éagsúil lena chéile ó thaobh na teicneolaíochta de. Ina theannta sin, féadtar go bhfuil próisis rialaithe teorann éagsúil lena chéile de réir dálaí áitiúla (an spás atá ar fáil ag an bpointe trasnaithe teorann, sreabha taistil, etc.). Ní foláir EES a chomhtháthú leis an ailtireacht TF náisiúnta agus leis na próisis náisiúnta rialaithe teorann. Anuas air sin, ní foláir comhtháthú na gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta a bheith i gcomhréir go hiomlán leis na ceanglais lárnacha. Tá dhá phríomhriosca sainaitheanta sa réimse seo:

(a) An riosca go ndéanfaidh na Ballstáit gnéithe teicniúla agus dlíthiúla de EES a chur chun feidhme ar bhealaí éagsúla, toisc nach bhfuil an comhordú ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal náisiúnta leordhóthanach. Ba cheart go maolódh an Comhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta, mar atá beartaithe, an riosca sin.

(b) An riosca go mbeidh easpa comhleanúnachais ann i dtaca leis an gcaoi a n-úsáidtear an córas seo a bheidh ann, ag brath ar an dóigh a gcuireann na Ballstáit EES chun feidhme mar chuid de na próisis rialaithe teorann atá ann cheana.

(2) Deacrachtaí maidir le forbairt thráthúil an chórais

Ón taithí a fuarthas le linn VIS agus SIS II a fhorbairt, is féidir a thuar gur gné fhíor-riachtanach do chur chun feidhme rathúil EES í forbairt thráthúil an chórais ag conraitheoir seachtrach. Mar ionad barr feabhais i réimse forbartha agus bainistithe córas mórscála TF, beidh eu-LISA freagrach as bronnadh agus bainistiú conarthaí, go háirithe i gcás obair forbartha an chórais a ligean ar fochonradh. Tá roinnt rioscaí ag baint le conraitheoir seachtrach a úsáid don obair forbartha seo:

(a) go háirithe, an riosca nach leithdháilfidh an conraitheoir go leor acmhainní ar an tionscadal nó go ndearfaidh sé agus go bhforbróidh sé córas nach córas úrscothach é;

(b) an riosca nach n-urramófar go hiomlán teicnící agus modhanna riaracháin chun tionscadail mhórscála TF a láimhseáil toisc go bhfuil an conraitheoir ag iarraidh na costais a laghdú;

(c) ar deireadh, ní féidir an riosca go mbeidh deacrachtaí airgeadais ag an gconraitheoir, ar chúiseanna nach mbaineann leis an tionscadal seo, a chur as an áireamh go hiomlán.

*2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm.*

Tá sé beartaithe go mbeidh an Ghníomhaireacht ina hionad barr feabhais i réimse forbartha agus bainistithe córas mórscála TF. Déanfaidh sí pé gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt agus oibríochtaí na coda lárnaí den chóras lena n-áirítear comhéadain aonfhoirmeacha sna Ballstáit agus sna líonraí. Leis sin ba cheart go seachnófaí formhór na míbhuntáistí a bhí roimh an gCoimisiún agus SIS II agus VIS á bhforbairt aige.

Le linn na céime forbartha (2017-2019) is é eu-LISA a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí forbartha uile. Leis sin cumhdófar an chuid forbartha de shraitheanna uile an tionscadail, i.e. Lárchóras, Comhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta, Líonraí agus Spás Oifige sna Ballstáit. Déanfaidh an Coimisiún bainistiú i bhfoirm deontas ar na costais a ghabhann le comhtháthú an Chomhéadain Aonfhoirmigh Náisiúnta chomh maith leis na costais a ghabhann le riar na gcóras sna Ballstáit le linn na forbartha.

Le linn na n-oibríochtaí a gcuirfear tús leo in 2020, beidh eu-LISA freagrach as bainistiú teicniúil agus airgeadais an lárchórais, go sonrach as bronnadh agus bainistiú conarthaí fad is a dhéanfaidh an Coimisiún bainistiú ar na deontais do na Ballstáit faoi chomhair na gcostas a ghabhann le cothabháil na gcóras náisiúnta tríd an Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha (cláir náisiúnta).

Chun moilleanna a sheachaint ar an leibhéal náisiúnta, tá foráil le déanamh, sula gcuirfear tús leis an bhforbairt, maidir le rialáil éifeachtúil idir na páirtithe leasmhara uile. Mhol an Coimisiún sa dréacht-Rialachán sin go soláthróidh Grúpa Comhairleach, ina mbeidh saineolaithe náisiúnta na mBallstát, an saineolas don Ghníomhaireacht a bhaineann le EES.

*2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis.*

Neamhbhainteach

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

Tá na bearta dá bhforáiltear chun calaois a chomhrac leagtha síos in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ina ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

1. Chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999.

2. Aontóidh an Ghníomhaireacht don Chomhaontú Idir-Institiúideach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus eiseoidh sí, gan mhoill, na forálacha iomchuí is infheidhme maidir le fostaithe uile na Gníomhaireachta.

3. Leagfar síos go sainráite sna cinntí maidir le maoiniú agus maidir leis na comhaontuithe cur chun feidhme agus na hionstraimí cur chun feidhme a thagann astu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF seiceálacha ar an láthair a chur i gcrích, más gá, ar fhaighteoirí maoinithe ón nGníomhaireacht agus ar na gníomhairí atá freagrach as an maoiniú sin a leithdháileadh.

I gcomhréir leis an bhforáil seo, an 28 Meitheamh 2012 glacadh Cinneadh Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas mórscála TF i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha i ndáil le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chosc a dhéanfadh dochar do leasanna an Aontais.

Beidh feidhm ag straitéis AS um IMIRCE agus GNÓTHAÍ BAILE chun calaois a chosc agus a bhrath.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ceannteideal 3 - Slándáil agus Saoránacht | LD/LN[10]. | ó thíortha de chuid CSTE[11] | ó thíortha is iarrthóirí[12] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | | LD | NÍL | NÍL | TÁ | NÍL |
| 3 | 18.020101 – Tacú le bainistiú teorainneacha agus comhbheartas víosaí chun taisteal dlisteanach a éascú | LD | NÍL | NÍL | TÁ | NÍL |
| 3 | 18.020103 – Córais TF nua a chur ar bun a thacaíonn le bainistiú sreabha imirce thar theorainneacha seachtracha an Aontais | LD | NÍL | NÍL | TÁ | NÍL |
| 3 | 18.0207 – Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas mórscála TF i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais (eu-LISA) | LD | NÍL | NÍL | TÁ | NÍL |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

[10] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte

[11] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[12] Tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

[Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | 3 | Slándáil agus Saoránacht |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: HOME | | | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 18.02.01.03 (Teorainneacha Cliste) | Gealltanais | (1) | 40,000 | 40,000 | 40,000 | | | | | **120,000** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 28,000 | 28,000 | 28,000 | 36,000 | | | | **120,000** |
| 18.020101 (Teorainneacha agus Víosaí) | Gealltanais | | 16,236 | 16,236 | 20,196 | 19,710 | | | | **72,378** |
| | Íocaíochtaí | | 11,365 | 11,365 | 14,137 | 13,797 | 21,713 | | | **72,378** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach[13] | | | | | | | | | | |
| Uimhir na líne buiséid | | (3) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair AS** HOME | Gealltanais | =1+1a +3 | 56,236 | 56,236 | 60,196 | 19,710 | | | | **192,378** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 39,365 | 39,365 | 42,137 | 49,797 | 21,713 | | | **192,378** |

[13] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| eu-LISA | | | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: | Gealltanais | (1) | 1,876 | 1,876 | 1,876 | 4,221 | | | | **9,849** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 1,876 | 1,876 | 1,876 | 4,221 | | | | **9,849** |
| Teideal 2: | Gealltanais | (1a) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | | | | |
| Teideal 3: | Gealltanais | (3a) | 54,569 | 57,513 | 144,326 | 21,606 | | | | **278,014** |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 38,199 | 40,259 | 101,028 | 15,124 | 83,404 | | | **278,014** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair eu-LISA** | Gealltanais | =1+1a +3a | 56,445 | 59,389 | 146,202 | 25,827 | | | | **287,863** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 40,074 | 42,135 | 102,904 | 19,345 | | | | **287,863** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS HOME | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna<br>Uimhir na líne buiséid 18.01 | | 0,402 | 0,402 | 0,402 | 0 | | | | **1,206** |
| | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS HOME** | Leithreasuithe | 0,402 | 0,402 | 0,402 | 0 | | | | **1,206** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0,402 | 0,402 | 0,402 | 0 | | | | **1,206** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N**[14] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 112,653 | 115,597 | 206,517 | 45,474 | | | | **480,242** |
| | Íocaíochtaí | 112,653 | 115,597 | 206,517 | 45,474 | | | | **480,242** |

[14] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

*3.2.1. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

3.2.1.1. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair eu-LISA

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir eu-LISA** ⇩ | | | Bliain **2017** | | Bliain **2018** | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[15] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[16] Lárchóras Forbartha | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Conraitheoir | | | 32,650 | | 52,650 | | 55,118 | | 0 | | | | | | | | 140,418 |
| - Aschur | Bogearraí | | | 8,051 | | 0 | | 46,560 | | 3,555 | | | | | | | | 58,166 |
| - Aschur | Crua-earraí | | | 4,754 | | 0 | | 22,853 | | 0 | | | | | | | | 27,607 |
| - Aschur | Riarachán | | | 50 | | 50 | | 1,682 | | 0 | | | | | | | | 1,782 |
| - Aschur | Eile (oifig) | | | 219 | | 0 | | 0 | | 0 | | | | | | | | 0,219 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | 45,724 | | 52,700 | | 126,213 | | 3,555 | | | | | | | | **228,192** |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 Cothabháil an Lárchórais | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Conraitheoir | | | 0 | | 0 | | 1,734 | | 1,748 | | | | | | | | 3,482 |

15 Is éard atá in aschuir earraí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

16 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. "Cuspóirí sonracha..."

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| - Aschur | Bogearraí | | 1,343 | | 1,343 | | 9,102 | | 9,939 | | | | | | | 21,726 |
| - Aschur | Crua-earraí | | 569 | | 569 | | 2,925 | | 3,586 | | | | | | | 7,648 |
| - Aschur | Riarachán | | 0 | | 0 | | 0 | | 50 | | | | | | | 50 |
| - Aschur | Eile (oifig) | | 0 | | 90 | | 90 | | 90 | | | | | | | 271 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | 1,912 | | 2,002 | | 13,851 | | 15,413 | | | | | | | **33,178** |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3 Líonra | | | 6,118 | | 1,995 | | 2,520 | | 2,310 | | | | | | | **12,944** |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 4 Cruinnithe/Oiliúint | | | 816 | | 816 | | 1,741 | | 327 | | | | | | | **3,700** |
| **COSTAS IOMLÁN eu-LISA** | | | 54,570 | | 57,513 | | 144,325 | | 21,605 | | | | | | | **278,013** |

3.2.1.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair AS HOME

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | |

| **AS HOME** | Saghas[17] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[18] Ballstáit forbartha | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Deontais do Bhallstáit faoi chomhair | | | 40,000 | | 40,000 | | 40,000 | | | | | | | | | | | | 120,000 |
| - Aschur | Tacaíocht do Bhallstáit faoi chomhair riar an | | | 16,236 | | 16,236 | | 20,196 | | | | | | | | | | | | 52,668 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | 56,236 | | 56,236 | | 60,196 | | | | | | | | | | | | 172,668 |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 Cothabháil an Chórais Náisiúnta | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Riarachán | | | | | | | | | 19,710 | | | | | | | | | | 19,710 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | 19,710 | | | | | | | | | | 19,710 |
| **IOMLÁN AS HOME** | | | | 56,236 | | 56,236 | | 60,196 | | 19,710 | | | | | | | | | | **192,378** |

[17] Is éard atá in aschuir earraí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[18] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. "Cuspóirí sonracha..."

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair acmhainní daonna eu-LISA*

3.2.2.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | | | | | | | | |
| Baill foirne shealadacha | 1,876 | 1,876 | 1,876 | 4,221 | | | | **9,849** |
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **1,876** | **1,876** | **1,876** | **4,221** | | | | **9,849** |

Tá sé beartaithe foireann a earcú in Eanáir 2017. Ní mór fáil a bheith ar gach ball foirne go luath in 2017 le gur féidir tús a chur in am is i dtráth leis an tréimhse forbartha trí bliana d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh EES i bhfeidhm in 2020. Úsáidfear na hacmhainní sin faoi chomhair bhainistiú an tionscadail agus na gconarthaí maille le forbairt agus tástáil an chórais. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil san iarscríbhinn.

| Poist | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| Bonnlíne - Cumarsáid[19] | 115 | 113 | 113 | 113 |
| Poist bhreise | 14 | 14 | 14 | 14 * |
| **Iomlán** | 129 | 127 | 127 | 127 |

* Cuirtear 14 phost bhreise san áireamh le haghaidh na gcéimeanna ó fhorbairt an chórais go plean bunaíochta eu-LISA. Déanfar athmheasúnú ar líon na bpost do 2020 agus do na blianta ina dhiaidh sin le linn do dhréachtbhuiséad an Aontais do 2020 a bheith á ullmhú, agus na riachtanais shonracha is gá leis an gcóras a oibriú 24 uair an chloig, seacht lá na seachtaine, á gcur san áireamh.

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2017**[20] | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní Daonna AS HOME | 0,402 | 0,402 | 0,402 | 0 | | | | **1,206** |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0,402 | 0,402 | 0,402 | 0 | | | | **1,206** |

[19] COM(2013) 519 final: Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le clársceidealú acmhainní daonna agus airgeadais do ghníomhaireachtaí díláraithe 2014-2020.

[20] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil**[21] | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **0,402** | **0,402** | **0,402** | **0** | | | **1,206** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha

[21] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | |
| 18 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) AS HOME | | 3 | 3 | 3 | 0 | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) FTE)**[22] | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | |
| **XX** 01 04 **yy** [23] | - sa cheanncheathrú | | | | | |
| | - toscaireachtaí | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **3** | **3** | **3** | **0** | |

Is é **18** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach AS HOME | Pléifidh an fhoireann le bainistiú na ndeontas do na Ballstáit faoi na cláir bhliantúla de chuid an Chiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha. |

[22] CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

[23] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☒ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– ☒ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☒ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☒ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[24] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal 6313 | | 4,798 | 6,983 | 8,932 | 6,315 | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá "sannta", sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

18.02.01.03 (Teorainneacha Cliste) agus 18.0207 (eu-LISA)

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

Áireofar sa bhuiséad ranníocaíocht ó thíortha a bhfuil baint acu le *acquis* Schengen agus na bearta a bhaineann le Eurodac, mar atá leagtha síos sna comhaontuithe faoi seach, a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt. Is de chineál táscach amháin atá na meastacháin a thugtar agus tá siad bunaithe ar ríomhanna a rinneadh le déanaí i ndáil le hioncam do chur chun feidhme *acquis* Schengen ó na Stáit (an Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis) a ranníocann suim bhliantúil don bhliain airgeadais ábhartha faoi láthair le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (íocaíochtaí atá caite), arna ríomh i gcomhréir lena holltáirgeacht intíre mar chéatadán d'olltáirgeacht intíre na Stát rannpháirteach uile. Tá an ríomh bunaithe ar fhigiúirí Mheitheamh 2015 ó EUROSTAT atá faoi réir éagsúlacht nach beag ag brath ar staid eacnamaíoch na Stát rannpháirteach.

[24] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.